



## Chuig: Eagraíochtaí Bainistíochta Scoileanna

### Maidir le: Iompar Scoile – Iarratais d'Iompar Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) le linn Tréimhse Sriantaí Covid-19

A Eagraíocht Bhainistíochta, a chara,

I bhfianaise an tsuímh mar atá ag tarlú le COVID-19, agus chun leanúnachas a dheimhniú le linn na tréimhse srianta seo ar mhaithe le leanaí a bhfuil gá acu le hIompar Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO), tá próiseas sealadach aontaithe ag An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun leanúint ar iarratais d'Iompar RSO a chur isteach ag an am seo. Tá cur síos ar an bpróiseas thíos agus tagann an próiseas seo, inar féidir iarratais a chur isteach agus glacadh leo ar ríomhphost, ar bhonn sealadach, in ionad an phróisis reatha a bhíonn ag brath go trom ar an gcóras poist.

#### Seo mar atá ag an bpróiseas sealadach:

1. Cuirfear leagan Word den Fhoirm Iarratais Iompair RSO ar fáil ar láithreáin ghréasáin na RSO agus na CNOS araon. Déanfaidh an tuismitheoir/caomhnóir an chuid ábhartha den fhoirm iarratais a chomhlánú. Iarrtar ar an tuismitheoir/caomhnóir an t-ainm atá acu a chlósáil sa chuid ina gcuirtear an síniú. Cuirfidh an tuismitheoir/caomhnóir an fhoirm ar ríomhphost mar aon le cóipeanna de thuairisc ghairmiúil/thuairiscí gairmiúla chuig an scoil. Déanfaidh an scoil an chuid/na codanna ábhartha a chomhlánú agus an fhoirm iarratais mar aon leis na tuairiscí a chur aghaidh ar ríomhphost chuig an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) ó sheoladh ríomhphoist oifigiúil na scoile. (Muna mbaineann céimeanna 2, 3 agus 4, is í an chéad chéim eile don scoil ná céim 5)

#### ***NÓ – muna mbíonn an áis ag an tuismitheoir chun an fhoirm a chomhlánú, beidh céimeanna 2, 3 agus 4 i gceist***

2. Iarrtar ar an tuismitheoir/caomhnóir ríomhphost a chur chuig an Rannóg Iompar Scoile san ROS ar sheoladh ríomhphoist ar leith, na sonraí sin ar fáil ar láithreáin ghréasáin na ROS agus na CNOS, ag tabhairt ceada don Rannóg Iompar Scoile laistigh den ROS an fhoirm iarratais a chomhlánú dóibh. Is cóir dóibh na sonraí go léir a chuirtear ar fáil de ghnáth ar an gcuid ábhartha den fhoirm iarratais – ainm an linbh, inscne, seoladh, éirchód, dáta breithe, catagóir míchumais srl. a chur sa ríomhphost. Beidh líne chabhrach gutháin ar fáil freisin do thuismitheoirí le teagmháil a dhéanamh más mian leo na sonraí seo a thabhairt ar an nguthán do bhall den fhoireann sa Rannóg Iompar Scoile, beidh sonraí faoi seo ar fáil freisin ar láithreáin ghréasáin na ROS agus na CNOS.
3. Déanfaidh an Rannóg Iompar Scoile an fhoirm a chomhlánú thar ceann an tuismitheora/caomhnóra. Nuair a bhíonn an fhoirm comhlánaithe, cuirfidh an Rannóg Iompar Scoile í ar ríomhphost chuig an tuismitheoir/caomhnóir ag iarraidh orthu a dheimhniú go bhfuil na sonraí cruinn agus ag tabhairt le fios dóibh nuair a dheimhnítear sin go dtuigeann

siad agus go ndeimhníonn siad freisin comhaontú le Téarmaí & Coinníollacha na scéime agus go dtuigeann siad an fáth go bhfuil gá leis na sonraí uathu agus an tslí ina n-úsáidfead na sonraí sin. Is cóir don tuismitheoir/caomhnóir na tuairiscí gairmiúla a chur ar aghaidh chuig an scoil mar chuid den iarratas.

4. Nuair a bhíonn deimhniú faighte ón tuismitheoir, cuirfidh an Rannóg Iompar Scoile an fhoirm iarratais ar ríomhphost chuig an scoil agus tabharfar le fios don scoil go bhfuil cead tugtha don Rannóg an fhoirm a chomhlánú thar ceann an tuismitheora /an chaomhnóra.
5. Déanfaidh an scoil an rannóg/na rannóga cuí a chomhlánú agus cuirfead í ar ríomhphost chuig an ERSO ó sheoladh ríomhphoist oifigiúil na scoile. Is cóir don scoil na tuairiscí gairmiúla a chur ar aghaidh chuig an ERSO. Munar féidir a leithéid a dhéanamh, is cóir an tuairisc/na tuairiscí a chur ar ríomhphost ó údar na tuairisce chuig an CNOS.
6. Nuair a fhaigheann an CNOS an fhoirm, déanfaidh an ERSO teagmháil leis an tuismitheoir /caomhnóir, sula ndéantar an fhoirm iarratais a athbhreithniú, lena dheimhniú go bhfuil cead ar leith tugtha chun eolas an linbh a phróiseáil mar chuid den phróiseas iarratais.
7. Déanfaidh an ERSO an fhoirm a chomhlánú, lena n-áirítear an tuairisc ar an moladh d'iompar agus cuirfead an fhoirm iarratais ar aghaidh chuig an Rannóg Iompar Scoile don athbhreithniú agus don chinneadh ar incháilitheacht iompair.
8. Déanfaidh an Rannóg Iompar Scoile an t-iarratas a phróiseáil ar an ngnáthbhealach. Déanfar aon chumarsáid le Tuismitheoirí/Caomhnóirí le linn na tréimhse don socrú sealadach seo ar ríomhphost nó ar an nguthán, ag baint úsáide as na sonraí teagmhála atá ar an bhfoirm iarratais.

Iarraimid ort le do thoil an litir seo a sheoladh chuig gach scoil atá faoi do choimirce. Iarrtar freisin go n-iarrfaí ar phríomhoidí scoile sonraí faoi uimhir ghutháin tiomnaithe na Rannóige Iompar Scoile a chur ar fáil do thuismitheoirí go mb'fhéidir go mbeidh gá acu le cúnaimh chun iarratas a dhéanamh – is í an uimhir seo ná 087-4107037.

Má tá aon cheisteanna agat faoin bpróiseas seo cuir ríomhphost le do thoil chuig:

[school\\_transport@education.gov.ie](mailto:school_transport@education.gov.ie) nó [NCSE-Operations-Unit@NCSE.ie](mailto:NCSE-Operations-Unit@NCSE.ie)

**An Rannóg Iompar Scoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

**27 Aibreán 2020**